Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13898/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0364(COD)**

**UK 100**
**PREP-BXT 55**
**AVIATION 236**
**CODEC 1316**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 828 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht eitlíochta i ndáil le deireadh na hidirthréimhse a luaitear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 828 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 828 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.12.2020
COM(2020) 828 final

2020/0364 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht eitlíochta i ndáil le deireadh na hidirthréimhse a luaitear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### •1.1. Forais agus cuspóirí an togra

An 1 Feabhra 2020, tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Thug an tAontas an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[1] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') i gcrích le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. An 31 Nollaig 2020, tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ar lena linn a leanfaidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 127 den chomhaontú sin.

Mura dtiocfar ar chomhaontú maidir leis an gcaidreamh sa todhchaí lena gcumhdófar sábháilteacht eitlíochta faoi dheireadh na hidirthréimhse, déanfaidh tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas difear go háirithe do bhailíocht deimhnithe agus ceadúnas arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ("an Ghníomhaireacht") thar ceann na Ríochta Aontaithe, nó ag eagraíochtaí deartha áirithe atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, faoi Rialachán (AE) 2018/1139[3] agus na gníomhartha cur chun feidhme agus na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhua an Rialacháin sin nó de bhua Rialachán (CE) Uimh. 216/2008[4].

Maidir leis an éifeacht a bheidh le deireadh na hidirthréimhse i ndáil le deimhnithe agus formheasanna i réimse na sábháilteachta eitlíochta, is féidir le páirtithe leasmhara sin a leigheas trí bhearta éagsúla, lena n-áirítear "aistriú" chuig údarás eitlíochta sibhialta Ballstáit den Aontas, nó trí iarratas a dhéanamh ar dheimhniú tríú tír a bheidh le heisiúint ag an nGníomhaireacht a mbeidh éifeacht leis ó dheireadh na hidirthréimhse (ar a dtugtar 'iarratas luath'). Ina theannta sin, faoi Airteagal 41 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, maidir le páirteanna agus fearais ar eisigh údaráis inniúla na Ríochta Aontaithe deimhniú comhréireachta bailí ina leith faoi rialacha sábháilteachta eitlíochta an Aontais, is féidir iad a úsáid san Aontas i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme, agus tar éis dheireadh na hidirthréimhse freisin, ar

1 IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

2 Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

3 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle, IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

4 Rialachán (AE) 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena n-aisghairtear Treoir 91/670/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1592/2002 agus Treoir 2004/36/CE. IO L 79, 19.3.2008, lch. 1.

choinníoll gur cuireadh ar mhargadh an Aontais nó na Ríochta Aontaithe iad roimh dheireadh na hidirthréimhse.

Mar sin féin, murab ionann agus réimsí eile de chuid dhlí an Aontais, i gcásanna áirithe ní féidir le daoine nádúrtha ná daoine dlítheanacha bristeacha díréireacha san Aontas a mhaolú. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún bearta a bheartú lena n-áireofar go leanfaidh deimhnithe le haghaidh táirgí, comhpháirteanna, fearais agus cuideachtaí aerloingseoireachta áirithe de bheith bailí.

Maidir le táirgí aerloingseoireachta áirithe ("deimhnithe cineáil") agus cuideachtaí áirithe ("formheasanna eagraíochta"), glacfaidh an Ríocht Aontaithe, i gcás a dlínse féin ó dheireadh na hidirthréimhse ar aghaidh, a ról mar "Stát an deartha" faoin gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta. Go dtí an 31 Nollaig 2020 tá na freagrachtaí sin á gcomhlíonadh faoi láthair ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh.

Is gá dá bhrí sin sásra aistrithe rialaithe a fhorbairt lena n-áiritheofar gur féidir leanúint de na táirgí nó de na dearaí lena mbaineann a úsáid in aerárthaí an Aontais gan aon bhriseadh, ar táirgí nó dearaí iad arna ndeimhniú ag an nGníomhaireacht roimh dheireadh na hidirthréimhse nó ag eagraíocht deartha arna deimhniú ag an nGníomhaireacht.

Ní ísleofar na ceanglais maidir le sábháilteacht ná feidhmíocht chomhshaoil na heitlíochta san Aontas de dheasca na bhforálacha atá beartaithe. Fágfaidh an togra go mbeidh monaróirí an Aontais in ann leanúint de bheith ag táirgeadh a dtáirgí agus beidh oibreoirí in ann leanúint de bheith ag oibriú na dtáirgí sin, i gcomhréir le ceanglais dhlí an Aontais is infheidhme. Thiocfadh dúshláin mhóra, idir shóisialta agus eacnamaíoch, as briseadh sna gníomhaíochtaí sin. Trína áirithiú go gcomhlíonfaidh eagraíochtaí dlí an Aontais, áiritheoidh an togra freisin go gcosnófar tomhaltóirí agus saoránaigh

Tá an gníomh seo ina chuid de phacáiste beart atá an Coimisiún a ghlacadh.

**•1.2. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an Rialachán seo atá beartaithe ceaptha feidhmiú mar *lex specialis* lena rachfar i ngleic le cuid de na hiarmhairtí a bheidh ann toisc nach mbeidh feidhm a thuilleadh sa Ríocht Aontaithe ag Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 ná ag na gníomhartha cur chun feidhme ná na gníomhartha tarmligthe a glacadh dá bhun ná de bhun rialacha Rialachán (AE) Uimh. 216/2008. Tá a chuid forálacha teoranta don mhéid is gá chun a áirithiú go ndéanfar aistriú rialaithe chuig margadh eitlíochta nach bhfuil an Ríocht Aontaithe ann a thuilleadh. Beidh feidhm fós ag forálacha ginearálta na ngníomhartha thuasluaite cé is moite de sin. Tá an togra seo iomlán comhsheasmhach leis an reachtaíocht atá ann cheana, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139.

**•1.3 Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Baineann an togra le sábháilteacht eitlíochta agus comhlánaíonn sé Rialachán (CE) Uimh. 2018/1139 an Aontais chun déileáil go sonrach leis an staid a bheidh i gceist le deireadh na hidirthréimhse a leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar in éagmais comhaontaithe a chumhdaíonn cúrsaí sábháilteachta eitlíochta is infheidhme faoin dáta sin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### •2.1. Bunús dlí

Is é an bunús dlí atá leis Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

### •2.2. Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

Ós comhlánú é an togra ar an reachtaíocht de chuid an Aontais atá ann cheana agus go bhfuil forálacha ann lenar fusa é a chur i bhfeidhm go hordúil tar éis dheireadh na hidirthréimhse a leagtar amach sa Comhaontú um Tharraingt Siar, is le gníomh ar leibhéal an Aontais amháin is féidir cuspóir an togra a ghnóthú.

### •2.3. Comhréireacht

Meastar go bhfuil an Rialachán atá beartaithe comhréireach mar gur féidir bristeacha díréireacha a sheachaint leis trí fhoráil a dhéanamh maidir le tacar rialacha speisialta teoranta riachtanach lena n-áiritheofar aistriú rialaithe chuig margadh eitlíochta beidh an Ríocht Aontaithe ann. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú agus ní dhéantar leis aon athrú níos leithne ná aon bheart buan.

### •2.4. An rogha ionstraime

Sa togra tá sraith bheag forálacha chun dul i ngleic le cás an-sonrach uathúil. Dá bhrí sin, meastar gur fearr gan modhnú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2018/1139 ná ar na gníomhartha cur chun feidhme nó na gníomhartha tarmligthe a glacadh dá bhun ná de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008, ach gníomh aonair a chur ar bun. Tá na gnáthfhorálacha maidir leis na deimhnithe agus na ceadúnais lena mbaineann cumhdaithe le Rialachán (AE) 2018/1139 agus le rialacha mionsonraithe arna nglacadh ag an gCoimisiún. I bhfianaise an mhéid sin agus phráinn an cháis, is cosúil gurb é Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle t-aon chineál gnímh dlí a bheadh fónta.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

### •3.1. Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana

Ní infheidhme iad ós cás uathúil eisceachtúil é an cás arb éigean an togra seo a bheartú dá bharr.

### •3.2. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

De dheasca na gcúinsí sonracha a bhaineann leis an gcaibidlíocht faoin gComhaontú maidir leis an gcaidreamh idir an Ríochta Aontaithe agus an tAontas sa todhchaí agus de bharr síorathrú a bheith ar imeachtaí an scéil, is mór an bac cuireadh ar an dul i gcomhairle leis an bpobal maidir leis an togra. Mar sin féin, maidir leis na dúshláin a eascraíonn as deireadh na hidirthréimhse a leagadh síos sa Chomhaontú um Tharraingt Siar an 31 Nollaig 2020, an gá atá ann ullmhú do na hathruithe dosheachanta an 1 Eanáir 2021 agus na réitigh fhéideartha, tá siad luaite ag páirtithe leasmhara eitlíochta éagsúla agus ag ionadaithe éagsúla na mBallstát i gcomhthéacs cruinnithe trasghearrtha sonracha, a tionóladh sa Bhruiséil agus sna Ballstáit.

Téama coitianta sna barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara i láthair is ea go bhfuil gá le hidirghabháil rialála i réimsí sonracha, réimsí nach féidir le páirtithe leasmhara

a mbearta teagmhais féin a dhéanamh iontu chun an tionchar díobhálach, a bheidh ann in éagmais comhaontaithe leis an Ríocht Aontaithe, a mhaolú, bearta ina bhfuil na forálacha is gá maidir le sábháilteacht eitlíochta don tréimhse tar éis na hidirthréimhse. Go háirithe, chuir cuideachtaí a mhonaraíonn, a chothabhálann nó a oibríonn aerárthaí i dtábhacht go bhféadfadh go gcuirfí stop lena n-oibríochtaí san Aontas mura mbeidh feidhm ag socruithe iomchuí tar éis na hidirthréimhse. Is cosúil gurb é an phríomhfhadhb gur neamhbhailí a bheidh a lán deimhnithe a d'eisigh an Ghníomhaireacht nó eagraíochtaí deartha a d'fhormheas an Ghníomhaireacht agus faoi chreat dlíthiúil an Aontais. Leag cuid mhór páirtithe leasmhara béim ar an bpointe nach bhfuil sa domhan ach beagán monaróirí i gcás cuid mhór de na comhpháirteanna a úsáidtear sna haerárthaí (e.g. innill le haghaidh na gcineálacha aerárthaí móra a úsáideann na haerlínte). Ós rud é go mbíonn an-phráinn le hoibríochtaí agus monarú sa lá atá inniu ann, ní féidir leanúint de na hoibríochtaí má thagann deireadh le bailíocht na ndeimhnithe sábháilteachta lena mbaineann.

### •3.3. Bailiú agus úsáid saineolais

Bailíodh anailís dhlíthiúil theicniúil inmheánach, rinneadh anailísiú agus fíorú breise ar an bhfaisnéis sin i gcomhar le saineolaithe teicniúla Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (an Ghníomhaireacht) chun a áirithiú go ngnóthófar leis an togra atá beartaithe an cuspóir atá leis, ach go mbeidh sé srianta san am céanna don mhéid a bhfuil fíorghá leis.

### •3.4. Measúnú tionchair

Ní gá measúnú tionchair a dhéanamh, ós rud é gur cás eisceachtúil atá i gceist agus gur teoranta an líon deimhnithe a eisíodh i dtosach faoi chreat dlíthiúil an Aontais a bhfuil sé beartaithe na bearta sonracha atá i gceist a chur i bhfeidhm ina leith. Níl aon rogha bheartais ar fáil atá éagsúil ó thaobh ábhair de ón gceann atá beartaithe.

### •3.5. Cearta bunúsacha

Níl aon tionchar ag an togra ar fheidhmiú ná cosaint ceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar.

## 5. EILIMINTÍ EILE

### •5.1. Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Ní infheidhme mar gur de chineál idirthréimhseach é an beart atá beartaithe.

### •5.2. Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

*Airteagal 1*

Sonraítear san Airteagal seo raon feidhme an Rialacháin, atá teoranta do na deimhnithe deartha a nglacfaidh an Ríocht Aontaithe ról Stáit an Deartha ina leith agus nach bhfuil an Ghníomhaireacht in ann deimhnithe tríú tír a eisiúint láithreach ina leith.

*Airteagal 2*

Ós rud é go bhfuil raon feidhme an Rialacháin teoranta do dheimhnithe áirithe arna rialú ag Rialachán (AE) 2018/1139, ba cheart feidhm a bheith ag na sainmhínithe a bunaíodh sa Rialachán sin agus sna gníomhartha cur chun feidhme agus sna gníomhartha tarmligthe arna

nglacadh faoi sin agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 216/2008. Foráiltear dá réir sin le hAirteagal 2.

*Airteagal 3*

Sonraítear in Airteagal 3 go measfar gur eisíodh na deimhnithe a liostaítear san Iarscríbhinn agus éifeacht ag gabháil leo ón gcéad lá tar éis don idirthréimhse dul in éag. D'eisigh an Ghníomhaireacht na deimhnithe lena mbaineann ar dtús, a chomhlíon feidhmeanna Stát an Deartha, nó d'eisigh eagraíocht deartha arna deimhniú ag an nGníomhaireacht na deimhnithe. Measfaidh an Ríocht Aontaithe gur deimhnithe iad arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe, ina cáil mar Stát an deartha, nó ag eagraíocht deartha arna deimhniú aici, ó dheireadh na hidirthréimhse ar aghaidh. Bainfidh an seasamh a bhunaítear le hAirteagal 3, a bheidh i gceist ón bpointe céanna ama, leis an nGníomhaireacht a bheidh mar údarás a chomhlíonfaidh feidhmeanna Stát na Clárlainne.

*Airteagal 4*

Bunaítear leis an Airteagal seo go mbeidh na deimhnithe agus na heintitis a mbeidh na deimhnithe sin acu fós faoi réir dhlí an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le féidearthacht na Gníomhaireachta maoirseacht a dhéanamh orthu agus faoi réir na rialacha is infheidhme maidir le deimhniú táirgí.

*Airteagal 5*

Agus an tréimhse ghearr atá ar fáil chun an Rialachán seo a ghlacadh a chur san áireamh, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh sé i bhfeidhm a luaithe is féidir tar éis a fhoilsithe, ach níor cheart feidhm a bheith aige ach amháin ón nóiméad a thiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse a leagtar síos sa Chomhaontú um Tharraingt Siar agus in éagmais comhaontaithe lena gcumhdaítear ábhair a bhaineann leis an eitlíocht shibhialta agus leis na deimhnithe sonracha a ndírítear orthu leis an Rialachán seo.

2020/0364 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le gnéithe áirithe den tsábháilteacht eitlíochta i ndáil le deireadh na hidirthréimhse a luaitear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[3] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') i gcrích le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle[4] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. An 31 Nollaig 2020, tiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ar lena linn a leanfaidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 127 den chomhaontú sin.

(2) Is é príomhchuspóir Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ardleibhéal aonfhoirmeach sábháilteachta eitlíochta a chur ar bun agus a

1

2 IO C , , lch. .

3 IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

4 Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1).

5 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint

choinneáil ar bun san Aontas. Chuige sin, bunaíodh córas deimhnithe le haghaidh gníomhaíochtaí eitlíochta éagsúla chun na leibhéil sábháilteachta riachtanacha a bhaint amach agus chun gur féidir na fíoraithe riachtanacha a dhéanamh agus na deimhnithe arna n-eisiúint a ghlacadh go frithpháirteach.

(3) I réimse na sábháilteachta eitlíochta, is trí bhearta éagsúla a fhéadfaidh páirtithe leasmhara aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí dheireadh na hidirthréimhse maidir le deimhnithe agus formheasanna i gcás nach bhfuil comhaontú ann chun an caidreamh sábháilteachta eitlíochta idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a leagan amach. Áirítear ar na bearta sin deimhniú arna eisiúint ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht') a aistriú chuig údarás eitlíochta sibhialta de chuid ceann de na Ballstáit, agus iarratas ar an deimhniú, roimh dheireadh na hidirthréimhse, ar dheimhniú é a mbeidh feidhm leis ón lá tar éis dheireadh na hidirthréimhse.

(4) Mar sin féin, i gcás deimhnithe áirithe, ní mór bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí sin. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás deimhnithe deartha arna n-eisiúint ag an nGníomhaireacht roimh dheireadh na hidirthréimhse i leith eagraíochtaí deartha a bhfuil príomháit ghnó acu sa Ríocht Aontaithe nó i gcás eagraíochtaí deartha den sórt sin arna bhformheas ag an nGníomhaireacht. Go dtí an dáta sin, bhí feidhmeanna agus cúraimí 'Stát an Deartha' á ndéanamh ag an nGníomhaireacht thar ceann na Ríochta Aontaithe faoin gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta agus faoi na hIarscríbhinní a ghabhann leis, dá bhforáiltear in Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) 2018/1139. Nuair a thiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse, glacfaidh Údarás um Eitlíocht Shibhialta na Ríochta Aontaithe feidhmeanna agus cúraimí 'Stát an Deartha' maidir leis an Ríocht Aontaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar an athrú sin, tá reachtaíocht achtaithe ag an Ríocht Aontaithe chun a mheas gur eisíodh deimhnithe deartha roimh an idirthréimhse mar dheimhnithe deartha a eisíodh faoi dhlíthe na Ríochta Aontaithe agus gabhfaidh éifeacht leis sin ó dheireadh na hidirthréimhse.

(5) Is gá do bhearta sonracha maidir leis an Aontas chun a áirithiú go leanfaidh na dearaí lena mbaineann na deimhnithe sin de bheith cumhdaithe ag deimhnithe a rialaítear le Rialachán (AE) 2018/1139, a mhéid a bhaineann le haerárthaí atá cláraithe san Aontas. Ba cheart go bhfágfaidh na bearta sin go mbeidh na hoibreoirí aerárthaí lena mbaineann in ann leanúint d'úsáid a bhaint as na táirgí atá i gceist. Is gá a leagan síos, dá bhrí sin, go measfar gur eisigh an Ghníomhaireacht na deimhnithe lena gcumhdaítear na dearaí sin, nó de réir mar a bheidh, eagraíochtaí deartha arna bhformheas ag an nGníomhaireacht, agus go ngabhfaidh éifeacht leo sin ón lá i ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse. I Rialachán (AE) 2018/1139 agus i ngníomhartha ábhartha an Choimisiúin déantar foráil maidir le deimhnithe den sórt sin, arna n-eisiúint ar an mbonn go gcláraítear an t-aerárthach atá i gceist i mBallstát, cé gur tríú tír Stát a Dheartha.

(6) Ba cheart a shoiléiriú go bhfuil na deimhnithe sin faoi réir na rialacha ábhartha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1139 agus sna gníomhartha ábhartha cur chun feidhme agus tarmligthe arna nglacadh dá bhua nó de bhua Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], go

na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1)

6 Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht

háirithe na cinn sin is infheidhme maidir le deimhniú deartha agus faisnéis éigeantach leanúnach maidir le haeracmhainneacht.

(7) I bhfianaise na práinne atá i gceist le deireadh na hidirthréimhse, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

(8) Ba cheart práinn a bheith le teacht i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo agus ba cheart feidhm a bheith acu ón lá tar éis dheireadh leis an idirthréimhse, mura rud é go mbeidh tagtha i bhfeidhm faoin dáta sin comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe lena rialaítear ábhair sábháilteachta don eitlíocht shibhialta a bhaineann le deimhnithe deartha a dtugtar aghaidh orthu sa Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Leagtar síos leis an Rialachán seo forálacha sonracha i bhfianaise dheireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt siar maidir le deimhnithe sábháilteachta eitlíochta áirithe a eisítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 216/2008, nó faoi Rialachán (AE) 2018/1139 do dhaoine nádúrtha agus do dhaoine dlítheanacha a bhfuil a bpríomhionad gnó i Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (‘an Ríocht Aontaithe’).

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na deimhnithe a liostaítear san Iarscríbhinn a bheidh bailí an lá roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus a d’eisigh an Ghníomhaireacht do dhaoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha a bhfuil a bpríomhionad gnó sa Ríocht Aontaithe nó d’eagraíocht deartha a bhfuil a príomhionad gnó sa Ríocht Aontaithe. Ní bheidh feidhm aige ach amháin maidir le haerárthaí atá cláraithe san Aontas.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag sainmhínithe i Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 agus sna gníomhartha tarmligthe agus sna gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh dá bhua agus de bhua Rialachán (CE) Uimh. 216/2008.

*Airteagal 3*

**Bailíocht deimhnithe**

Measfar gur eisíodh na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2), agus éifeacht a bheith ag gabháil leo, ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 5(2):

1. ón nGníomhaireacht, i ndáil leis na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a d’eisigh an Ghníomhaireacht;

---

Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena n-aisghairtear Treoir 91/670/CEE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1592/2002 agus Treoir 2004/36/CE (IO L 79, 19.3.2008, lch. 1)

2. ó eagraíocht arna formheas ag an nGníomhaireacht, i ndáil leis na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a d'eisigh eagraíocht deartha a arna formheas ag an nGníomhaireacht.

*Airteagal 4*

**Rialacha agus oibleagáidí maidir le deimhnithe atá faoi réir Airteagal 3**

Maidir leis na deimhnithe atá faoi réir Airteagal 3 den Rialachán seo, tá siad faoi réir na rialacha is infheidhme maidir leo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1139 agus na gníomhartha ábhartha cur chun feidhme agus na gníomhartha ábhartha tarmligthe arna nglacadh dá bhua nó de bhua Rialachán (CE) Uimh. 216/2008, go háirithe de bhua Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún[7]. Beidh ag an nGníomhaireacht na cumhachtaí a leagtar síos le Rialachán (AE) 2018/1139 agus leis na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha agus leis na gníomhartha tarmligthe ábhartha arna nglacadh de bhua an Rialacháin sin agus de bhua Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 maidir le heintitis a bhfuil a bpríomhionad gnó i dtríú tír.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón lá tar éis an lae a scoirfidh dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe de bhua Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.
3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo más rud é, maidir le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe lena rialaítear ábhair sábháilteachta don eitlíocht shibhialta a bhaineann leis na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, go dtagann an comhaontú sin i bhfeidhm faoin dáta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

[7] Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneachta agus deimhniú comhshaoil aerárthaí agus táirgí, codanna agus fearais gaolmhara, agus le haghaidh deimhniú eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).